

## Dréacht

### **Gníomh an..... lena leasaítear an Gníomh Salzburg um Chosaint Daoine Óga**

Ghlac Parlaimint Salzburg an Gníomh leasaitheach seo a leanas:

An Gníomh Salzburg um Chosaint Daoine Óga, Iris Dlí Cúige (LGBL) Uimh. 24/1999, arna leasú go deireanach leis an nGníomh a fógraíodh in LGBL Uimh. 13/2019, leasaítear é mar seo a leanas:

1. In § 36, cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (2):

'(2a) Ní cheadaítear do leanaí ná do dhaoine óga táirgí ina bhfuil nicitín a fháil, a shealbhú nó a thomhailt, ar táirgí iad nach gcumhdaítear leis an toirmeasc a leagtar síos i mír (2) ach atá ceaptha le nicitín a chaitheamh, go háirithe píútsí nicitín. Ná ní dhéanfar táirgí den sórt sin a thairiscint, a sholáthar ná a thabhairt dóibh.'

2. In § 41, tar éis na tagartha idir lúibíní '(§ 36(2)),' cuirtear an frása 'táirgí ina bhfuil nicitín (§36(2a)),' isteach.

3. Léitear § 43a mar seo a leanas:

#### **'Tagairtí don dlí cónaidhme**

##### **§ 43a**

Mura sonraítear a mhalairt go sainráite, is tagairtí don leagan is déanaí a luadh iad tagairtí don dlí cónaidhme sa Gníomh seo:

1. Na Rialacháin Trádála 1994 – GewO 1994, Iris Dlí Cónaidhme (BGBL) Uimh. 194; Fógairt BGBL Uimh. 75/2023;
2. Gníomh Piriteicniúla 2010 – PyroTG 2010, BGBL I 131/2009; Gníomh BGBL I 32/2018;
3. Gníomh um Shubstaintí Andúile – SMG, BGBL. 112/1997; Gníomh, BGBL I 70/2023;
4. Gníomh um Margaíocht Tobac agus um Chosaint do Dhaoine nach gCaitheann Tobac – TNRS, BGBL Uimh. 431/1995; Gníomh, BGBL Uimh. 66/2019.'

4. In § 43b, ainmnítear an téacs roimhe seo mar mhír '(1)' agus cuirtear isteach an méid seo a leanas:

'(2) An leasú a fógraíodh mar LGBL Uimh...../2024 i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Socháí Faisnéise, faoi uimhir fógartha 2023/...../A.'

5. I ndiaidh § 45, cuirtear isteach an méid seo a leanas:

'(9) § 36(2a), § 41, § 43a agus § 43b, arna leasú leis an nGníomh arna fhógairt in LGBL Uimh...../2024, tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh an Gníomh seo a fhógairt.'